# FÓGRA AISTRIÚ ÚINÉIREACHT FHEITHICLE
## D'Fheithiclí a Cláraíodh Roimh 1/1/93 Amháin

RF 200

**LÉIGH NA NÓTAÍ THALL SUL A GCOMHLÁNANN TÚ AN FHOIRM SEO**
**Caithfidh an dá pháirtí an fhoirm a chomhlánú ag an am céanna**

***CUID A*** **LE LÍONADH AG AN ÚINÉIR (Mótardhéileálaí san áireamh) AG CUR NA FEITHICLE DE LÁIMH**

**UIMHIR CHLÁRAITHE** ___ Déanamh/Cuspa ___

Dath(anna) ___ Uimhir Fhonnaidh ___

**AINM AGUS SEOLADH**

An tUas, Iníon, srl. ___ Chéad Ainm (neacha) ___

Sioinne NÓ Ainm Comhlachta ___

Seoladh ___

Baile/Cathair ___

Contae ___

Uimh. Fón ___

EIRCODE ___

**DEARBHÚ**

Dearbhaim(id) gur aistríodh úinéireacht na feithicle thuas chuig an Mótardhéileálai atá luaite i gCuid B thíos ar

an ___ (Lá) lá de ___ (Mí, Bliain) agus an Leabhar Cláraithe *(cuir tic mar is cul)*

- ☐ istigh leis
- ☐ seachadaithe chuid an Mótardhéileálaí
- ☐ gan fáil - féach Nóta E

Siniú Dioltóra ___ **Dáta** ___

***CUID B*** **LE LÍONADH AG AN ÚINÉIR NUA (Mótardhéileálaí san áireamh)**

**AINM AGUS SEOLADH AN ÚINÉARA NUA** **Cód Garáiste** ___

An tUas, Iníon, srl. ___ Chéad Ainm ___

Sloinne nó Ainm Comhlachta ___

Seoladh ___

Baile/Cathair ___

Contae ___ Uimhir Fón ___

EIRCODE ___

Seoladh a mbíonn an fheithicil ag de ghnáth (Sonraigh 'mar atá thuasluaite' más ionann an dá sheoladh)

___

**DEARBHÚ**

Dearbhaim(id) (i) gur haistíodh úinéireacht na feithicle chugam/chugainn.
(ii) go bhfuil mo/ár n'ainm agus seoladh sa Leabhar Cláraithe (murab é an Mótardéileálaí an ceannaitheoir)

**Siniú Ceannaitheora** ___ **Dáta** ___

# NÓTAÍ

**TÁBHACHTACH**

Is é leas an úinéara atá ag díol, ag trádáil nó ag cur na feithicle de láimh a chinntiú:

(i) Más **Comhlacht** é an t-úinéir nua atá cláraithe faoi Acht na gComhlachta (1963) ba cheart ainm agus seoladh na Comhlachta mar atá ar an Deimhniú Corpraithe a úsáid agus ba cheart gurb é síniú an Stiúrthóra Bainistíochta nó an Rúnaí a úsáidfear.

(ii) Más **Comhlacht Priobháideach** é an tÚinéir Nua ba cheart a ghnáthainm in éineacht le ainm(neacha) an úinéara/Páirtí(ithe) a úsáid agus ba cheart gurb é síniú an úinéara/Páirtí a bheadh in úsáid.

(iii) Go seoltar an fhoirm chomhlántha chuig an Oifig Mhótarchánach áitiúil chomh luath agus is féidir.

**MURA NDÉANTAR É SEO LEANFAIDH D'AINM MAR AINM ÚINÉARA CHLÁRAITHE NA FEITHICLE AGUS D'FHÉADFÁ Á BHEITH FREAGRACH AS PÁIRCEÁIL NA FEITHICLE AGUS COIREANNA EILE A BHAINEANN LEIS AN BHFEITHICIL.**

**IS É AN 'T-ÚINÉIR AN COIMEÁDAÍ' MAR ATÁ MÍNITHE IN ALT 130 DEN ACHT AIRGEADAIS 1992, AGUS TAIFEADFAR AN t-ÚINÉIR NUA MAR ATÁ RÁITE I gCUID B THALL SNA TAIFID ATÁ BUNAITHE FAOIN ACHT AIRGEADAIS 1963.**

**A. Cén uair ba cheart úsáid a bhaint as an bhfoirm seo**

Ba cheart úsáid a bhaint as an bhfoirm seo nuair a dhíolann, nuair a thrádálann nó nuair a chuireann aon duine nó aon chomhlacht feithicil chláraithe a bhí clálraithe **roimh** 1ú Eanáir 1993 de láimh ar shlí eile. Caithfear an fhoirm chomhlánaithe a sheoladh chuid an Oifig Mhótarchánach áitiúil.

**B. Cén uair NÁR cheart úsáid a bhaint as an bhfoirm seo**

Níor cheart úsáid a bhaint as an bhfoirm seo má cláraíodh an fheithicil ó 1ú Eanáir 1993, más sin é an cás caithfear úsáid a bhaint as an Teastas Cláraithe Feithicle RF101 (nó foirm RF105 más é mótardhéileálaí an t-úinéir nua), a chaithfear a sheoladh chuig an Roinn Iompair Turasóireachta agus Spóirt, Lár Bhaile na Sionna, Co. an Chláir

**C. An chaoi leis an bhfoirm seo a chomhlánú**

Caithfidh an tÚINÉIR AG CUR NA FEITHICLE DE LÁMH Cuid A den fhoirm seo a chomhlánú. Caithfear cuid B den fhoirm seo a bheith comhlánaithe ag an ÚINÉIR NUA ATÁ AG GLACADH SEILBH ar an bhfeithicil.

**D. An chéad chéim eile atá le tógáil**

Nuair a bheidh an fhoirm comhlánaithe ag an ÚINÉAR ATÁ AG CUR NA FEITHICLE DE LÁIMH agus ag an ÚINÉIR NUA:

- Ba cheart go gcomhlánfadh an tÚINÉIR NUA **(murar mótardhéileálaí é)** a (h)ainm agus s(h)eoladh I rannóg "An Chéad Úinéir Eile" leabhar Cláraithe na feithicle.
- Ba cheart go seolfadh an TÚINÉIR AG CUR NA FEITHICLE DE LÁIMH Cuid A agus Cuid B den fhoirm seo IN ÉINEACHT leis an Leabhar Cláraithe chuig an Oifig Mhótarchánach áitiúil LÁITHREACH **Murar Mótardhéileálaí é an tÚINÉIR NUA.**
- Más Mótardhéileálaí é an tÚINÉIR NUA, ba cheart don ÚINÉIR AG CUR NA FEITHICLE DE LÁIMH Cuid A agus Cuid B den fhoirm seo a sheoladh chuig an Oifig Mhótarchánach áitiúil LÁITHREACH, ACH NÍOR CHEART an Leabhar cláraithe a sheoladh chuig an Oifig Mhótarchánach áitiúil. Ba cheart é a thabhairt don Mhótardhéileálaí agus ba cheart don mhótardhéileálaí é a choinneáil do dtí go ndíoltar an fheithicil.

**E. Gan Fáil ar an Leabhar cláraithe**

**Nuair nach mbeidh ÚINÉIR AG CUR NA FEITHICLE DE LÁIMH in ann an Leabhar Cláraithe a sholáthar, ba cheart Foirm Iarratais (RF134) le haghaidh Cáipéisí Athsholáthair a chomhlánú agus a sheoladh chuig an Oifig Mhótarchánach áitiúil in éineacht leis an táille chuí.**

**NOCHTADH SONRAÍ**

D'fhéadfadh sonraí ríomhairí bunaithe ar an doiciméad seo a bheith faoi réir nochta de réir Alt 60 den Acht Airgeadais, 1993, (Uimh. 13 de 1993) faoi mar atá leasaithe ag Alt 86 den Acht Airgeadais, 1994 (Uimh. 13 de 1994) agus na rialacháin atá déanta dá réir. Tá liosta na ndaoine atá nochtaithe cláraithe le Coimisinéir, um Chosaint Sonraí - TAG 0721/A

**FOLÁIREAMH - PIONÓIS**

Aon duine a bheidh baint aige le athrú úinéireacht feithicle agus a mhainníonn na treoracha thuasluaite a chomhlíon-adh dlífear é a chúisiú agus pionóis throma a ghearradh air.

**Ráiteas Priobháideachta**

Éilíonn an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (DTTAS) ar chustaiméirí faisnéis phearsanta ar leith a sholáthar d'fhonn feidhmeanna reachtacha agus riaracháin a chomhlíonadh. Caithfidh an Roinn le gach faisnéis agus sonraí pearsanta a chuirfidh tú ar fáil mar fhaisnéis agus sonraí atá faoi rún de réir an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí agus reachtaíocht Cosanta Sonraí.

D'fhéadfaí, de réir dlí, do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna Rialtais nó gníomhaireachtaí eile atá ag teacht faoi théarmaí tagartha DTTAS. Tá na sonraí ar fad maidir le beartas cosanta sonraí na Roinne, ina leagtar amach mar a bhainfimid leas as do chuid faisnéise pearsanta, chomh maith le heolas maidir le do chearta mar dhuine is údar do na sonraí le fáil ag www.dttas.gov.ie/dataprotection.

Tá cóip chrua de na sonraí maidir leis an mbeartas seo le fáil freisin ach ríomhphost á iarraidh a sheoladh chuig dataprotection@dttas.gov.ie nó scríobh chuig an Aonad Cosanta Sonraí, An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Lána Líosain, Baile Átha Cliath D02 TR60.